# Ceacht a hOcht — Cad a cheannaigh tú? — Leathanach 1
# Lesson Eight — What did you buy? — Page 1

| | Gaeilge | English |
|---|---|---|
| **1.** | Ceannaigh *capall* dom. | Buy *a horse* for me. |
| | Ná ceannaigh an ceann seo. | Don’t buy this one. |
| | Ceannaígí *carr nua*. | Y’all buy *a new car*. |
| | Ná ceannaígí an ceann sin. | Y’all don’t buy that one. |
| **2.** | Cad a cheannaigh tú *san ollmhargadh*? | What did you buy *at the supermarket*? |
| | Cheannaigh mé *torthaí agus glasraí*. | I bought *fruits and vegetables*. |
| **3.** | Ar cheannaigh tú *bainne*? | Did you buy *milk*? |
| | Cheannaigh. Cheannaigh mé *bainne*. | Yes. I bought *milk*. |
| | Níor cheannaigh. | No. |
| | Níor cheannaigh mé *bainne*. | I didn’t buy *milk*. |
| **4.** | Cad a cheannaíonn tú *ag Starbucks*? | What do you buy *at Starbucks*? |
| | An gceannaíonn tú *caife* ann? | Do you buy *coffee* there? |
| | Ceannaíonn. Ceannaíonn mé *caife* ann. | Yes. I buy *coffee* there. |
| | Ní cheannaíonn. | No. |
| | Ní cheannaíonn mé *rud ar bith* ann. | I don’t buy *anything* there. |
| **5.** | Imir *cluiche cártaí* liom, le do thoil. | Play *a game of cards* with me, please. |
| | Ná h-imir *an cluiche sin*. | Don’t play *that game*. |
| | Imrígí *peil [Ghaelach] le Seán*. | Y’all play *[Gaelic] football with Sean*. |
| | Ná h-imrígí mar sin. | Y’all don’t play like that. |
| **6.** | Ar imir tú *cispheil* inniu? | Did you play *basketball* today? |
| | D’imir. D’imir mé *cispheil le Máire*. | Yes. I played *basketball with Mary*. |
| | Níor imir. Níor imir mé faic inniu. | No. I didn’t play anything today. |
| **7.** | Cé a d’imir *sacar* inniu? | Who played *soccer* today? |
| | D’imir mise é inniu. | I played it today. |
| | D’imir Máire é. | Mary played it. |
| **8.** | Cad a imríonn tú? | What do you play? |
| | Cén cluiche a imríonn tú? | Which game do you play? |
| | Cén cluiche a imríonn sibh sa bhaile? | Which game do y’all play at home? |
| | Imríonn mé *peil Ghaelach*. | I play *Gaelic football*. |
| | Imríonn mé *peil Mheiriceánach*. | I play *American football*. |
| | Imríonn muid *cluichí cártaí*. | We play *card games*. |
| | Imríonn muid *cluichí boird*. | We play *board games*. |
| | Ní imríonn muid cluiche ar bith. | We don’t play any game at all. |
| **9.** | An imríonn tú *cluichí boird* go minic? | Do you play *board games* often? |
| | Imríonn. Imríonn mé ceann gach lá. | Yes. I play one every day. |
| | Ní imríonn. Ní imríonn mé riamh iad. | No. I don’t play them ever. |
| | Cad a imríonn tú le do chairde? | What do you play with your friends? |
| | Imríonn mé *cártaí* leo. | I play *cards* with them. |

**<u>Comhrá 1</u>**
A: Cad a cheannaigh tú san ollmhargadh inniu?
B: Cheannaigh mé torthaí, glasraí, bainne agus arán.
A: Ar cheannaigh tú bananaí?
B: Níor cheannaigh. Ní maith liom bananaí.
A: Itheann mise banana gach lá.
B: Ní itheann mé bananaí, ach is breá liom úlla.

**<u>Conversation 1</u>**
What did you buy at the market today?
I bought fruit, vegetables, milk and bread.
Did you buy bananas?
No. I don’t like bananas.
I eat a banana every day.
I don’t eat bananas, but I love apples.

**<u>Comhrá 2</u>**
A: An gceannaíonn tú cupán caife gach maidin?
B: Ceannaíonn. Is breá liom caife.
A: An gcuireann tú siúcra i do chuid caife?
B: Ní chuireann. Ní chuireann mé ach bainne ann.
A: Cheannaigh mise cupán caife maidin inniu.
B: Ar chuir tú aon rud sa chaife?
A: Chuir. Chuir mé siúcra agus uachtar ann.

**<u>Conversation 2</u>**
Do you buy a cup of coffee every morning?
Yes. I love coffee.
Do you put sugar in your coffee?
No. I only put milk in it.
I bought a cup of coffee this morning.
Did you put anything in the coffee?
Yes. I put sugar and cream in it.

**<u>Comhrá 3</u>**
A: Dia duit.
B: Dia is Muire duit.
A: Conas tá tú?
B: Tá mé go maith, agus tusa?
A: Tá mé ar fheabhas, buíochas le Dia.
B: An imríonn tú sacar?
A: Imríonn.
B: Imir cluiche sacair linn, le do thoil.
A: Ceart go leor.

**<u>Conversation 3</u>**
Hello.
Hello.
How are you?
I’m fine, and you?
I’m excellent, thank God.
Do you play soccer?
Yes.
Play a game of soccer with us, please.
OK.

**<u>Comhrá 4</u>**
A: Cad a d’imir tú sa pháirc inniu?
B: D’imir mé peil Mheiriceánach.
A: Cé a d’imir leat?
B: D’imir mo chairde liom.
A: Ar imir tú go maith?
B: D’imir. Bhí an bua againn sa chluiche.
A: An imríonn tú cispheil freisin?
B: Imríonn, ach ní imríonn mé í go maith.

**<u>Conversation 4</u>**
What did you play in the park today?
I played American football.
Who played with you?
My friends played with me.
Did you play well?
Yes. We won the game.
Do you play basketball, too?
Yes, but I don’t play it well.